Dréacht Nollaig 2025

Údarás na Gaeltachta

# Intleacht Shaorga don Ghaeilge: Anailís deireadh bliana ar thionchar imshaoile, 2025



DRÉACHT

# Clár

**Clár** .......... 1
**Réamhrá** .......... 3
Misean an Tionscadail: An Ghaeilge san Aois Dhigiteach .......... 3
Ár bhFís Fhadtéarmach .......... 3
Nasc idir na Glúnta .......... 4
**Spriocanna Gearrthéarmacha** .......... 5
An Ghaeilge ar na hArdáin Teicneolaíochta .......... 5
Seirbhísí Poiblí i nGaeilge .......... 5
Óige na Gaeltachta a Chumasú .......... 5
**Comhthéacs Náisiúnta & Idirnáisiúnta** .......... 5
**Mórthogra - Gníomh 1: Corpas Poiblí le haghaidh Innill IS a Thraenáil** .......... 6
Réamhrá .......... 6
Fís .......... 6
Céimeanna .......... 6
**Mórthogra - Gníomh 2: Áiseanna Digiteacha don Earnáil Phoiblí** .......... 7
Fís .......... 7
Céimeanna .......... 7
**Mórthogra - Gníomh 3: Feasacht ar chás na Gaeilge a mhéadú i measc na gComhlachtaí Móra IS** .......... 9
Fís .......... 9
Céimeanna .......... 9
**Inbhuanaitheacht** .......... 10
Gaeltacht Ghlas .......... 10
Gealltanas Cothromaithe Carbóin .......... 10
Cur i bhFeidhm .......... 10
Conclúid .......... **Error! Bookmark not defined.**
**Tuairisc ar úsáid IS in Údarás na Gaeltachta sa bhliain 2025** .......... 11
Cur Síos ar na Córais AI atá in úsáid .......... 11
Anailís Costais .......... 13
Anailís ar Líon Téacschomharthaí úsáidte .......... 13
Anailís ar Thionchar Imshaoil: Meastacháin Chomhshaoil Bhliantúla .......... 13
Fritháireamh Carbóin .......... 14
Deontas fritháirimh bronnta ar Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann .......... 15

Achoimre ........................................................ 16
Comhthéacs Straitéiseach na hÉireann ........................................................ 16
An Bealach Chun Cinn ........................................................ 16

DRÉACHT

# Réamhrá

## Misean an Tionscadail: An Ghaeilge san Aois Dhigiteach



Tá an Ghaeltacht ina seasamh ag crosbhealach stairiúil - áit a dtagann oidhreacht shaibhir na Gaeilge i dteagmháil le réabhlóid na hintleachta saorga.  Tá Údarás na Gaeltachta (Údarás) ag iarraidh todhchaí a chruthú ina mbeidh an Ghaeilge ní amháin páirteach sna forbairtí seo, ach ag rathú mar cheannaire dhigiteach.

Samhlaíonn an tÚdarás todhchaí  ina bhfuil an teicneolaíocht agus an Ghaeilge fite fuaite le chéile - áit a bhfreagraíonn d'fhón póca thú le 'Dia duit' seachas 'Hi', áit a dtuigeann feithiclí cliste d'orduithe trí Ghaeilge, agus áit a bhfuil leanaí in ann uirlisí IS Gaeilge a úsáid chun tacú lena gcuid foghlama.

Agus muid ag dul isteach sa ré nua intleachta saorga seo, tá rogha bhunúsach romhainn: fanacht inár lucht féachana nó nó a bheith páirteach inti. Tá Údarás na Gaeltachta tar éis an dara rogha a roghnú, ag obair go tréan chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeltacht i lár an aonaigh.

## Ár bhFís Fhadtéarmach

Samhlaíonn Údarás na Gaeltachta todhchaí ina mbeidh an Ghaeilge ina croílár i saol na teicneolaíochta agus na hintleachta shaorga. Má éiríonn le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta sa togra seo, ní bheidh aon deighilt idir úsáideoirí Gaeilge agus a

gcomhghleacaithe eile sa domhan digiteach. Beidh rochtain chothrom ag gach duine ar na seirbhísí céanna, na deiseanna céanna, agus na huirlisí céanna – beag beann ar an teanga a roghnaíonn siad a úsáid.

Amach anseo, tá súil ag an Údarás nach mbeidh cainteoirí Gaeilge riamh faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar a rogha teanga, ach beidh siad ábalta leas iomlán a bhaint as gach nuálaíocht theicneolaíoch a thagann chun cinn. Beidh an Ghaeilge fite fuaite sa réabhlóid dhigiteach, ní mar eisceacht ach mar chuid nádúrtha den fhás teicneolaíochta.

## Nasc idir na Glúnta



Is iarracht é an togra seo chun droichead a thógáil idir oidhreacht shaibhir ár sinsear agus an t-aos óg atá le teacht. Tá Údarás na Gaeltachta ag obair chun cultúr agus saibhreas na Gaeilge a chaomhnú don ghlúin seo agus chun a chinntiú go mbeidh an teanga beo agus láidir d'aos óg na hÉireann sa timpeallacht theicneolaíochta atá ag forbairt thart orainn.

Tuigeann an tÚdarás go bhfuil dualgas ar leith ag an eagraíocht – seasaimid mar phobal ag crosbhealach inar féidir linn rogha a dhéanamh maidir le stádas na Gaeilge sa todhchaí dhigiteach. Má éiríonn le pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta sa togra seo, beidh cainteoirí amach anseo ábalta leas iomlán a bhaint as an teanga i ngach gné dá saol ar líne. Gan an obair seo, d'fhéadfaí ár dteanga dhúchais a fhágáil ar chúl sa domhan digiteach.



DRAFT

# Spriocanna Gearrthéarmacha

## An Ghaeilge ar na hArdáin Teicneolaíochta

Ceann de phríomhspriocanna an Údaráis ná go mbeidh an Ghaeilge lárnach sna teicneolaíochtaí nua atá á bhforbairt, rud a chuirfidh le cumas daoine idirghníomhú le fearais dhigiteacha trí Ghaeilge. Tá sí mar aidhm ag an togra seo go mbeidh daoine in ann labhairt i nGaeilge le fearais agus ardáin dhigiteacha ar nós *Siri*, *Alexa*, *Google Maps* agus seirbhísí guthbheoite eile.

## Seirbhísí Poiblí i nGaeilge

Ina theannta sin, i gcomhar lena chomhpháirtithe straitéiseacha, tá Údarás na Gaeltachta ag obair i dtreo teicneolaíochtaí teanga a fhorbairt do sheirbhísí poiblí do chainteoirí Gaeilge, ionas go mbeidh daoine in ann a ngnó oifigiúil a dhéanamh leis an stát i nGaeilge. Mar shampla, beidh daoine in ann leas a bhaint as botaí comhrá an stáit trí Ghaeilge amháin más mian leo, rud a chruthóidh eispéireas nádúrtha dóibh siúd a roghnaíonn na seirbhísí seo a úsáid ina dteanga dhúchais.

## Óige na Gaeltachta a Chumasú

Tá béim ar leith dá gcur ag an Údarás ar thacaíocht d'óige na Gaeltachta chun scileanna teicneolaíochta a fhoghlaim ionas go mbeidh deiseanna fostaíochta agus forbartha sa réimse seo ar fáil dóibh. Tá sé de chuspóir ag an togra seo muinín a chothú i measc daoine óga ina bhféiniúlacht teanga agus iad rannpháirteach i nuálaíocht teicneolaíochta.

# Comhthéacs Náisiúnta & Idirnáisiúnta

Tá plé forleathan ar siúl faoi theicneolaíocht na hintleachta saorga faoi láthair, agus is léir go bhfuil imní i roinnt earnálacha maidir leis na hathruithe atá le teacht. Tá an togra seo á fhorbairt ag an Údarás faoi réir an pholasaithe náisiúnta IS. Tá an tÚdarás chun tabhairt faoin togra seo ar bhealach trédhearcach agus eiticiúil. Tá an togra seo ag teacht le pleananna náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina measc, tá:

Plean Digiteach don Ghaeilge 2023-2027

An Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge 2024-2030

Treoirlínte maidir le hÚsáid Fhreagrach as IS sa tSeirbhís Phoiblí

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Leas a Bhaint as Digitiú: Creat Digiteach na hÉireann

Digital Creative Industries Roadmap 2024-26

Straitéisí Éagsúla foilsithe ag an Aontas Eorpach maidir le IS

DRÉACHT

# Mórthogra - Gníomh 1: Corpas Poiblí le haghaidh Innill IS a Thraenáil

## Réamhrá

Tá forbairt seirbhísí IS trí mheán na Gaeilge ina cheann de na tosaíochtaí straitéiseacha is tábhachtaí do thodhchaí dhigiteach na teanga. Sa chomhthéacs domhanda ina bhfuil teicneolaíocht IS ag síneadh a scátha thar gach réimse den saol, is léir go bhfuil gá práinneach le hacmhainní Gaeilge cuí a fhorbairt chun a chinntiú nach bhfágfar ár dteanga dhúchais ar lár sa réabhlóid theicneolaíoch seo. Chun an sprioc seo a bhaint amach go héifeachtach, ní mór corpas cuimsitheach d'ábhair Ghaeilge d'ardchaighdeán a fhorbairt a chuirfidh ar chumas na n-inneal IS freastal go héifeachtach ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, agus a chinnteoidh go mbeidh ár n-oidhreacht theangeolaíoch lárnach i bhforbairt teicneolaíochta nua-aimseartha.

## Fís

Is í fís ardaidhmeannach Údarás na Gaeltachta corpas poiblí cuimsitheach a chruthú a chuirfidh ábhar Gaeilge scríofa agus labhartha ar fáil chun oiliúint a chur ar innill IS. Trí na hacmhainní seo a chur ar fáil go poiblí don phobal, do chomhlachtaí agus don lucht taighde, beidh ar a gcumas uirlisí teicneolaíochta sofaisticiúla a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais shainiúla an phobail Ghaeilge agus Gaeltachta agus a chaomhnóidh oidhreacht theangeolaíoch shaibhir na hÉireann don chéad ghlúin eile. Tá súil ag an Údarás go mbeidh an corpas seo mar chatalaíoch d'fhorbairt leanúnach ar sheirbhísí IS téacs agus urlabhra na Gaeilge.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Iniúchadh cuimsitheach agus córasach a dhéanamh ar na heagraíochtaí poiblí, institiúidí acadúla, agus eagraíochtaí Gaeilge |
| 2 | Liosta a chruthú a léireoidh na corpais go léir atá in Éirinn cheana féin |
| 3 | Eolas mionsonrach agus cuimsitheach a bhailiú faoi na hacmhainní atá ar fáil cheana féin |
| 4 | Anailís a dhéanamh ar cháilíocht, ar mhéid, agus ar fhormáid an ábhair |
| 5 | Catalógú a dhéanamh ar an ábhar ó eagrais ar nós Raidió na Gaeltachta, RTÉ, TG4, an Gúm agus foinsí eile |
| 6 | Scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon cheisteanna teicniúla, dlíthiúla agus eiticiúla a bhaineann leis an ábhar |
| 7 | Measúnú a dhéanamh ar ábhar oiriúnach do thraenáil LLManna |

DRÉACHT

# Mórthogra - Gníomh 2: Áiseanna Digiteacha don Earnáil Phoiblí



DRAFT

## Fís

Is í aidhm Údarás na Gaeltachta deis a thabhairt d'aon duine teacht ar aon sheirbhís poiblí trí Ghaeilge trí theicneolaíocht urlabhra agus téacs Gaeilge a chomhtháthú isteach i ngach gné den earnáil phoiblí. Trí na teicneolaíochtaí seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go straitéiseach, tá súil ag an Údarás go mbeidh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in ann leas iomlán a bhaint as na huirlisí nua-aimseartha seo, rud a chuirfidh ar chumas na ranna Stáit agus na n-eagraíochtaí poiblí freastal go héifeachtach agus go proifisiúnta ar na dualgais atá leagtha orthu faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (leasaithe 2021)*.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc | Comhpháirtíocht |
|---|---|---|
| 1 | Anailís chuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais reatha na hearnála poiblí maidir le seirbhísí Gaeilge ag obair go dlúth leis na ranna stáit éagsúla chun a thuiscint go beacht cén áit a bhfuil na bearnaí is mó | EY, Ranna agus Eagraíochtaí Stáit |
| 2 | Comhairliúchán leanúnach a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga chun a chinntiú go bhfuil ár gcur chuige ag teacht le riachtanais reachtúla | An Coimisinéir Teanga |

| | | |
|---|---|---|
| 3 | Tuairisc chuimsitheach agus cás gnó mionsonraithe a ullmhú a dhéanfaidh measúnú ar riachtanais shonracha na hearnála poiblí maidir le huirlisí teicneolaíochta Gaeilge | EY |
| 4 | Fréamhshamhail thaispeántais a chur ar bun chun féidearthachtaí agus cumas na teicneolaíochta seo a léiriú go praiticiúil | OGCIO, Storm Technologies, Abair.ie |
| 5 | Comhoibriú leanúnach a dhéanamh leis an gCoiste Comhairleach um an nGaeilge sa Réimse Digiteach a bunaíodh ag Roinn na Gaeltachta chun comhordú agus treoir straitéiseach a chinntiú | Roinn na Gaeltachta and Baill an Choiste |
| 6 | Tairiscint a chur amach, más cuí, chun seirbhísí éagsúla a fháil d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm na hoibre seo | - |
| 7 | DAC a bhunú faoi úinéireacht an Údaráis mar ionad seirbhíse lárnach chun tacaíocht chuimsitheach a sholáthar d'eagraíochtaí Stáit ar fud na tíre | Roinn na Gaeltachta |
| 8 | Tionscadail phíolótacha a bhunú i ranna roghnaithe chun an uirlis a thástáil i dtimpeallacht fheidhmiúil | Ranna Roghnaithe |
| 9 | Modheolaíochtaí measúnaithe a úsáid a chuirfidh le cumas an Údaráis tionchar an tionscadail a mheas go beacht | - |
| 10 | Tacaíochtaí oiliúna a chur ar fáil do mhuintir na hearnála poiblí | - |

DRÉACHT

Údarás na Gaeltachta

# Mórthogra - Gníomh 3: Feasacht ar chás na Gaeilge a mhéadú i measc na gComhlachtaí Móra IS

## Fís

Tá córais intleachta saorga anois ina gcuid riachtanach den shaol laethúil - ó chúntóirí pearsanta ar nós *Siri* agus *Google Assistant* go dtí ardáin cosúil le *ChatGPT*, *Gemini*, agus *Microsoft Copilot*. Cé go bhfuil na córais seo ag claochlú an chaoi a théann daoine i ngleic leis an teicneolaíocht, tá easpa mhór tacaíochta ann don Ghaeilge. Is gá go mbeadh pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta in ann leas a bhaint as na huirlisí sin ar fad trí Ghaeilge.


Chun seo a chur i gcrích, tá sí mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta tabhairt faoi comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le comhlachtaí teicneolaíochta móra ar nós *OpenAI*, *Meta*, *Microsoft*, *Google* agus *Anthropic* chun cás na Gaeilge a chur chun cinn leo mar theanga dhigiteach. Tuigtear don Údarás go bhfuil ról lárnach ag na comhlachtaí seo i bhforbairt agus i scaipeadh na hinnealtóireachta IS, agus is mian leis an Údarás comhoibriú leo chun deiseanna nua a chruthú don Ghaeilge. Trí chomhpháirtíocht a bhunú, féadfar a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge san áireamh i bhforbairtí teicneolaíochta amach anseo agus go mbeidh rochtain ag cainteoirí Gaeilge ar sheirbhísí teicneolaíochta trí mheán na Gaeilge.

## Céimeanna

| Uimhir | Tasc |
|---|---|
| 1 | Páirtithe leasmhara straitéiseacha a shainaithint agus a mhealladh, ag cur béime ar na buntáistí a d'fhéadfadh teacht as an nGaeilge a chur san áireamh ina bhforbairt teicneolaíochta |
| 2 | Cairt Phoiblí a sheoladh chuig comhlachtaí chun páirt a ghlacadh sa mhórfheachtas agus comhoibriú le dream ar bith atá suim acu obair leis an Údarás ar an togra seo faoi scáth na Cairte Poiblí |
| 3 | Comhdháil idirnáisiúnta a eagrú leis na comhlachtaí móra chun díriú ar chás teangacha atá gann in acmhainní agus na riachtanais atá acu |
| 4 | Corpas a roinnt le comhlachtaí móra IS ionas go mbeidh Gaeilge d'ardchaighdeán le feiceáil ar na hardáin |
| 5 | Comhoibriú a dhéanamh le grúpaí ar nós *ALT-EDIC* chun tacaíocht níos leithne a chinntiú don togra seo |

DRÉACHT

# Inbhuanaitheacht



## Gaeltacht Ghlas

Ceann de na heilimintí is mó plé faoin intleacht shaorga sa lá inniu ná an tionchar atá ag na hionaid sonraí (Data Centres) ar an timpeallacht. Tuigtear go mbeidh tionchar níos airde acu in imeacht aimsire de dheasca na próiseála breise a bhaineann leis an intleacht shaorga.

Tugann Údarás na Gaeltachta aitheantas don tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus an straitéis intleachta saorga don Ghaeilge á gcur i bhfeidhm. Tá an tÚdarás tiomanta go ndéanfar maolú ar aon drochthionchar timpeallachta atá ag obair an Údaráis sa réimse seo.

## Gealltanas Cothromaithe Carbóin

**Geallann an tÚdarás maolú carbóin a dhéanamh ar na haschuir atá nasctha go díreach le obair an Údaráis i bhforbairt uirlisí IS don Ghaeilge.**

## Cur i bhFeidhm

**Tomhas:** Déanfar measúnú rialta ar an lorg carbóin a bhaineann le gníomhaíochtaí IS.

**Íoslaghdú:** Bainfear úsáid as fuinneamh inathnuaite agus córais éifeachtacha nuair is féidir.

**Cothromú:** Déanfar meastacháin ar an mbealach is éifeachtaí gur féidir leis an Údarás na drochthionchair charbóin a bhaineann go díreach le hobair an Údaráis ar an togra seo a laghdú.

Tá sí mar aidhm ag Údarás na Gaeltachta go leanfaidh an togra seo prionsabail na Gaeltachta Glaise.



DRÉACHT

# Tuairisc ar úsáid IS in Údarás na Gaeltachta sa bhliain 2025

Mar a gealltar thus, déantar athbhreithniú agus cothromú ar tionchar na n-astachtaí carbóin a ghinneadh mar gheall ar úsáid IS sa bhliain 2025.

## Cur Síos ar na Córais IS atá in úsáid

**Claude (Anthropic)**
Úsáidtear Claude mar phríomh-uirlis IS an Údaráis, le 25 úsáideoir Pro ar phacáiste corparáideach. Is múnla teanga mór (LLM) é Claude a fhorbraíodh ag Anthropic, le béim ar shábháilteacht agus ar chabhrú le húsáideoirí. Cuireann sé ar fáil:

- Anailís doiciméad agus achoimriú téacs
- Scríobh agus athbhreithniú ábhair
- Freagraí ar cheisteanna casta
- Cód ríomhaireachta agus tacaíocht theicniúil
- Fuinneog comhthéacs 200,000 téacschomhartha

**Freepik AI**
Ardán giniúna íomhánna IS a athraíonn leideanna téacs go híomhánna ardcháilíochta. Cuireann sé ar fáil:




- Giniúint íomhánna ó théacs (text-to-image)
- Múnlaí éagsúla: Flux, Mystic, Ideogram, Runway
- Stíleanna réamhshocraithe: réadúil, cartún, vintage
- Uirlisí breise: upscaler, cúlra a bhaint, eagarthóireacht

**Microsoft Copilot**
Comhpháirtí IS atá leabaithe i Microsoft 365, ag soláthar:

- Cúnamh in Word, Excel, PowerPoint, Outlook agus Teams
- Achoimriú cruinnithe agus ríomhphoist
- Cuardach cliste ar chomhaid agus féilire
- Giniúint ábhair agus anailís sonraí
- Comhtháthú le Graph Connectors

DRÉACHT

**ChatGPT (leagan saor)**




Múnla teanga OpenAI ar fáil saor in aisce, le srianta:

- Rochtain ar GPT-4o/GPT-5 le teorainneacha teachtaireachtaí (10-60 gach 5 uair)
- Uaslódáil comhad: 3 in aghaidh an lae
- Aistriú chuig múnla níos éadroime nuair a shroichtear teorainneacha



DRAFT

## Anailís Costais

| Seirbhís | Costas Míosúil | Costas Bliantúil |
|---|---|---|
| Claude Pro (25 úsáideoir) | €861* | €10,332 |
| Freepik | €36* | €832** |
| Microsoft Copilot (M365) | €0 | €0 |
| ChatGPT (leagan saor) | €0 | €0 |
| **Iomlán** | | **€11,164** |

*Cáin breisluacha san áireamh
**Ceannaíodh luach €400 téacschomharthaí sa bhreis le linn na bliana

## Anailís ar Líon Téacschomharthaí úsáidte

| Seirbhís | Téacschomharthaí Míosúil | Téacschomharthaí Bliantúil |
|---|---|---|
| Claude | 11,000,000 | 132,000,000 |
| Freepik | ~18,400* | 221,000* |
| Copilot | ~100,000 | ~1,200,000 |
| ChatGPT | ~50,000 | ~600,000 |
| **Iomlán** | **~11.17M** | **~134M** |

*Ní ionann téacschomharthaí Freepik agus téacschomharthaí na seirbhísí eile, mar gur íomhánna atá á chruthú ag Freepik, fágtar as an áireamh iad.

## Anailís ar Thionchar Imshaoil: Meastacháin Chomhshaoil Bhliantúla

| Acmhainn | Claude | Freepik | Copilot | ChatGPT | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Leictreachas** | 264-792kWh | 221-663kWh | 2-6kWh | 1-3kWh | **488-1,464kWh** |
| **$CO_2$** | 63-190kg | 53-159kg | 0.5-1.5kg | 0.2-0.7kg | **117-351kg** |
| **Uisce** | 1,320-2,640l | 221-442l | 10-20l | 5-10l | **1,556-3,112l** |

Bunaíodh na meastacháin seo ar thaighde acadúil agus tionsclaíoch mar seo a leanas:

- Meastar go raibh costas leictreachas 0.05 kWh in aghaidh 1,000 **iarratas** ar LLM.
- Meastar go n-úsáideann 1,000 **téacschomhartha** thart ar 0.002-0.006 kWh (bunaithe ar Lin, 2025: 0.39 joule in aghaidh an téacschomhartha ar H100 GPU)
- Maidir le giniúint íomhánna, úsáideann íomhá amháin idir 0.05-3.58 Wh ag brath ar an taifeach (512×512 go 1024×1024 picteilín)



DRÉACHT

- Meastar go gcúisíonn 1kWh leictreachas 240-480g $CO_2$, agus go mbaintear úsáid as 0.1-0.2 lítear in aghaidh 1,000 téacschomhartha sna hionaid sonraí.

## Fritháireamh Carbóin

Tugtar raon praghasanna Fritháirimh Carbóin in aghaidh 1 tona $CO_2$ sa tábla thíos.

| Foinse / Margadh | Praghas (2024) | Raon | Nótaí |
|---|---|---|---|
| Margadh Saorálach Domhanda | \$4-\$6 (~€5) | \$0.25 - \$27 | Meánphraghas creidmheasanna saorálach domhanda |
| EU ETS | €65 | €60 - €80 | Córas Trádála Astaíochtaí an AE |
| UK Woodland Carbon Code | £26.85 (~€32) | £11 - £27 | Tionscadail choillearnaí deimhnithe sa RA |
| Creidmheasanna Ardcháilíochta (A-AAA) | \$14.80 (~€13) | \$10 - \$20+ | Tionscadail le deimhniú láidir |
| Réitigh Bhunaithe ar an Dúlra (NBS) | >€13 | \$14 - \$27+ | Foraoiseacht, athchóiriú portaigh, srl. |

Meastar thuas go raibh na hastachtaí ag eascairt ó úsáid IS san Údarás thart ar 350kg $CO_2$. Bunaithe ar eiginnteacht na bhfigiruírí, rinneadh cinneadh fritháireamh a dhéanamh ar tona iomlán $CO_2$.



## Deontas fritháirimh bronnta ar Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann

Rinneadh cinneadh fritháireamh a dhéanamh le heagraíocht Éireannach, chun mhaitheas imshaoil na hÉireann agus na Gaeltachta. Don bhliain 2025, thángadar ar cinneadh **€250** a bhronnadh ar Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann. Is eagraíocht neamhrialtasach carthanachta í Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann atá tiomanta do phortaigh na hÉireann a chaomhnú, a chosaint agus a athchóiriú mar ghnáthóga nádúrtha luachmhara. Tacaíonn sí le fritháireamh carbóin siombalach trí athchóiriú portach.



DRAFT

# Conclúid

## Achoimre

Tá obair thábhachtach ar siúl ag Údarás na Gaeltachta ó thús na bliana 2024 chun ról lárnach na Gaeilge sa domhan digiteach nua a chur chun cinn. Leagann an plean straitéiseach seo amach na bearta agus na tionscnaimh atá beartaithe chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge:

- **Ábhartha agus bríomhar i ré na hintleachta saorga**
- **Ag caomhnú shaibhreas agus oidhreacht chultúrtha na nGael do na glúnta atá le teacht**
- **Ina croílár i bhforbairt seirbhísí digiteacha san earnáil phoiblí**

## Comhthéacs Straitéiseach na hÉireann

Tá seans agus deis uathúil ag Éirinn na haidhmeanna seo a bhaint amach de bharr a seasaimh mar cheanncheathrú Eorpach do na comhlachtaí móra teicneolaíochta go léir — *Google*, *Microsoft*, *Meta*, *OpenAI* agus anois, *Anthropic*. Is deis í seo nach bhfuil ag mionteangacha eile ar fud an domhain, agus caithfimid leas a bhaint as an gcumas rochtana agus tionchair atá againn.

Tugann an plean seo deis uathúil do Rialtas na hÉireann é féin a bheith mar cheannaire domhanda i gcaomhnú teangeolaíoch digiteach, ag ardú na Gaeilge mar cheann de na chéad teangacha mionlaigh le beartas réamhghníomhach IS. Trí úsáid a bhaint as ár gcuid acmhainní agus ár suíomh straitéiseach, is féidir linn samhail a chruthú d'fhorbairt teangeolaíochta digiteacha a leanfaidh pobail teanga ar fud an domhain.

## An Bealach Chun Cinn

Is tírdhreach atá ag athrú go leanúnach é an domhan digiteach agus tá gá an deis a thapú go tapa nuair a thagann athruithe agus forbairtí nua chun cinn. Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil dúshláin mhóra romhainn ar an mbóthar seo, agus táthar muiníneach go ndéanfar dul chun cinn nuair a oibreofar as lámh a chéile le pobal gníomhach na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Ní hamháin go gcaomhnóidh na bearta seo ár dteanga dhúchais, ach cruthóidh siad freisin céim-mharcáil tábhachtach don chaomhnú teanga digiteach go domhanda. Tá an t-am ann anois gníomh a dhéanamh agus an deis stairiúil seo a ghlacadh chun todhchaí bríomhar digiteach a chinntiú don Ghaeilge.

Déanfaidh na bearta seo ár dteanga dhúchais a chaomhnú agus a neartú, agus beidh siad mar shamplaí do mhionteangacha eile ar fud an domhain. Caithfear leas a bhaint as an deis luachmhar seo anois chun todhchaí rathúil digiteach a chruthú don Ghaeilge sa ré nua seo.

DRÉACHT

**Tagairtí:**


1. Luccioni, A.S., Jernite, Y. agus Strubell, E. (2024) 'Power hungry processing: Watts driving the cost of AI deployment?', *Proceedings of the 2024 ACM Conference on Fairness, Accountability, and Transparency (FAccT '24)*, Rio de Janeiro, an Bhrasaíl, 3-6 Meitheamh 2024. Lin (2025): Tomhais ar Llama-3.3-70B ar H100 GPULin, L.H. (2025) *2025-01 vLLM/Llama 3.3 70B FP8 tokens/joule* [Cód Python]. Ar fáil ag: https://gist.github.com/lhl/bf81a9c7dfc4244c974335e1605dcf22
2. Samsi, S., Zhao, D., McDonald, J., Li, B., Michaleas, A., Jones, M., Bergeron, W., Kepner, J., Tiwari, D. agus Gadepally, V. (2023) 'From words to watts: Benchmarking the energy costs of large language model inference', in *2023 IEEE High Performance Extreme Computing Conference (HPEC)*, 25-29 Meán Fómhair 2023.
3. International Energy Agency (IEA) (2024) *Emissions Factors 2024*. Páras: IEA. Ar fáil ag: https://www.iea.org/data-and-statistics/data-product/emissions-factors-2024
4. IEEE Spectrum (2025) 'The real story on AI water usage at data centers'. Ar fáil ag: https://spectrum.ieee.org/ai-water-usage
5. Ecosystem Marketplace (2024) *State of the Voluntary Carbon Markets 2024*. Washington, DC: Forest Trends. Ar fáil ag: https://www.ecosystemmarketplace.com/
6. An Coimisiún Eorpach (2025) *Trends in carbon intensity and the macroeconomic role of the EU Emissions Trading System*. Ar fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/trends-carbon-intensity-and-macroeconomic-role-eu-emissions-trading-system_en
7. Woodland Carbon Code (2025) *UK Carbon Prices*. Bainistíthe ag Scottish Forestry thar ceann Forestry Commission, Rialtas na hAlban, Rialtas na Breataine Bige agus Seirbhís Foraoise Thuaisceart Éireann.
8. Regreener (2025) *Voluntary Carbon Market - Latest Prices and Developments*. Ar fáil ag: https://www.regreener.earth/blog/voluntary-carbon-market-update


DRÉACHT

*Nóta don léitheoir: Úsáideadh teicneolaíocht intleachta saorga (AI) chun cabhrú le hullmhú na n-ábhar seo, chomh maith le híomhánna a chruthú.*